# An Pápa agus Trump

Eochairfhocail: cogaíocht, cogaí, cainteanna síochána, an Vatacáin

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad faoi a leanfaidh an Pápa ar aghaidh ag labhairt?
2. Cén cáineadh a rinne an tUachtarán ar an bPápa?
3. Cá raibh cainteanna ar bun idir Meiriceá agus an Iaráin?
4. Cad é an príomhthéama atá ag an bPápa, dar leis an Easpag Fiontán Ó Monacháin?
5. Cérbh í an t-aon chúis amháin ar toghadh an Pápa Leo, dar leis an Uachtarán Trump?
6. Cén dream daoine a luann Máirín Uí Chéide nach bhfuil ag déanamh a gcuid oibre maidir le srian a choimeád ar an Uachtarán Trump?
7. Céard é an rud nach bhfuil sé i gceist ag an bPápa a dhéanamh?
8. Cén gléas teicneolaíochta a cheaptar ar baineadh úsáid as chun an tsamhail nó an íomhá de Trump ina shlánaitheoir a chruthú?
9. Cad a rinne Marjorie Taylor Green nuair a chonaic sí an tsamhail nó an íomhá sin?
10. An gceapann tú go raibh an ceart ag an Uachtarán Trump an Pápa a cháineadh? Cén fáth?



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Gníomhaíocht Smaointeoireachta

**GníomhaíochtSmaointeoireachta: Breathnaigh ar an bhfíseán arís agus críochnaigh na habairtí seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| Labhair an Pápa amach le déanaí | Pápa agus an tUachtarán Trump |
| Ní mó ná sásta a bhí an tUachtarán Trump le | Inimirce an Uachtaráin Trump ach an oiread |
| Is léir anois go bhfuil aighneas ann idir an | A sheasamh go poiblí in aghaidh an Uachtaráin Trump |
| Tá an Phacastáin mar idirghabhálaí faoi láthair idir Meiriceá | An Pápa agus Uachtarán Mheiriceá |
| Níl an Pápa Leo báúil le polasaí | Truth Social |
| Postálann an tUachtarán Trump go minic ar an ardán | In aghaidh na cogaíochta |
| Is beag polaiteoir go hidirnáisiúnta atá toilteanach an fód | Agus an Iaráin |
| Ní fios cathain a thiocfaidh deireadh leis an easontas poiblí seo idir | Focail an Phápa |

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Is breá leis an Uachtarán Trump teachtaireachtaí a phostáil ar Truth Social. Cum dhá theachtaireacht shamhailteacha, 180 carachtar an ceann, idir an Pápa Leo agus an tUachtarán Trump faoin gcoimhlint atá ar siúl idir Meiriceá agus an Iaráin.**

## Freagraí

1. In aghaidh na cogaíochta
2. Dúirt sé gur Pápa uafásach a bhí ann
3. Sa Phacastáin
4. Stop a chur le cogaí agus cainteanna síochána a chothú
5. Bhí Meiriceánach ag teastáil ón Vatacáin le bheith ag plé le Trump
6. An Chomhdháil/Polaiteoirí na Comhdhála
7. Dul i mbun caibidle leis an bPápa/Siar is aniar a bheith ar siúl aige leis an bPápa
8. Intleacht shaorga
9. Cháin sí Trump go poiblí

| |
|---|
| Labhair an Pápa amach le déanaí In aghaidh na cogaíochta |
| Ní mó ná sásta a bhí an tUachtarán Trump le focail an Phápa |
| Is léir anois go bhfuil aighneas ann idir an Pápa agus an tUachtarán Trump |
| Tá an Phacastáin mar idirghabhálaí faoi láthair idir Meiriceá agus an Iaráin |
| Níl an Pápa Leo báúil le polasaí inimirce an Uachtaráin Trump ach an oiread |
| Postálann an tUachtarán Trump go minic ar an ardán Truth Social |
| Is beag polaiteoir go hidirnáisiúnta atá toilteanach an fód A sheasamh go poiblí in aghaidh an Uachtaráin Trump |
| Ní fios cathain a thiocfaidh deireadh leis an easontas poiblí seo idir An Pápa agus Uachtarán Mheiriceá |